Scéalta Nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí mhír nuachta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh a bhfuil ar eolas agat faoi na scéalta thíos. Mura bhfuil aon rud ar eolas agat fúthu tabhair buille faoi thuairim.

An Íoslainn agus cúrsaí eacnamaíochta
Fostaithe Bhord na Móna
Barack Obama agus Muine Gall

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. trial _____
2. Former Prime Minister _____
3. accused _____
4. neglect _____
5. during the economic crisis _____
6. he is charged with _____
7. that he failed _____
8. denied _____
9. industrial action _____
10. national agreement _____
11. on the doorstep _____
12. ancestors _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht ábhar gach scéil a scríobh i do chuid focal féin.

Scéal 1

Scéal 2

Scéal 3

Ceist 4 'ócáid m**h**ór'

An bhfuil an focal 'ócáid' firinscneach nó baininscneach? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'mór' sa sampla thuas?

Féach anois ar na hainmfhocail seo a leanas. An bhfuil siad firinscneach nó baininscneach? Bí in ann an rogha a rinne tú a mhíniú. Cuir an t-alt leis na focail chomh maith.

bean: _____

fear: _____

scoil: _____

áit: _____

am: _____

bád: _____

coiste: _____

culaith: _____

gruaim: _____

gluaisteán: _____

fuinneog: _____

pictiúrlann: _____

sagart: _____

Cuir do rogha aidiachtaí leis na hainmfhocail thuas anois, mar shampla –

bean bheag nó gluaisteán gorm.

Ceist 5 Féach ar na samplaí seo a bhí sa script chun rudaí áirithe a chomhaireamh, an féidir leat an téarma ceart a cheangal leis an sampla cuí?

an chéad cheannaire	*na huimhreacha pearsanta*
trí cinn	*na horduimhreacha*
de cheathrar	*na bunuimhreacha*

(1) Féach ar an mhír arís agus breac síos aon samplaí eile a chloiseann tú.

(2) Bain úsáid as na focail seo chun na rialacha a bhaineann leis na horduimhreacha a mhíniú: urlár / casadh / duine

(3) Cad iad na rialacha a bhaineann leis na bunuimhreacha? Ní bhaineann na rialacha sin leis an fhocal 'ceann' áfach, conas a chomhairtear 'ceann' mar sin?

(4) An bhfuil tú in ann a rá cé mhéad deartháir, deirfiúr, aintín agus uncail atá agat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula gcuirtear an tuairisc ar siúl.

Ceist 2
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. trial	*triail*
2. Former Prime Minister	*iar-Phríomh-Aire*
3. accused	*cúisithe*
4. neglect	*faillí*
5. during the economic crisis	*le linn na géarchéime eacnamaíochta*
6. he is charged with	*tá sé curtha ina leith*
7. that he failed	*gur theip air*
8. denied	*séanta*
9. industrial action	*gníomhaíocht thionsclaíoch*
10. national agreement	*comhaontú náisiúnta*
11. on our doorstep	*ar leac an dorais*
12. ancestors	*sinsir*

Ceist 3
Féach ar an script.

Ceist 4
'ócáid' – is minic gur focail bhaininscneacha iad focail a chríochnaíonn le consan caol.
'ócáid mhór' – cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal baininscneach.

bean:	*an bhean bheag (b)*
fear:	*an fear suimiúil (f)*
scoil:	*an scoil mhór (b)*
áit:	*an áit dhorcha (b)*
am:	*an t-am ceart (f)*
bád:	*an bád buí (f)*
coiste:	*an coiste gairmiúil (f)*
culaith:	*an chulaith dheas (b)*
gruaim:	*an ghruaim ghránna (b)*
gluaisteán:	*an gluaisteán gorm (f)*
fuinneog:	*an fhuinneog shalach (b)*
pictiúrlann:	*an phictiúrlann cháiliúil (b)*
sagart:	*an sagart díograiseach (f)*

Ceist 5

an chéad cheannaire	*na horduimhreacha*
trí cinn	*na bunuimhreacha*
de cheathrar	*na huimhreacha pearsanta*

(1) 'dhá bhliain' – bunuimhreacha / dhá mhíle – bunuimhreacha / 3.5% - bunuimhreacha

(2)

An chéad	An dara, an tríú, an ceathrú, an cúigiú, an séú, an seachtú, an t-ochtú, an naoú, an deichiú
urlár	hurlár
chasadh	casadh

duine	duine

(3)

1	2	3 go dtí 6	7 go dtí 10	20, 30 srl
Bord amháin	Dhá bhord	Trí bhord	Seacht mbord	Fiche bord

Ach

1	2	3 go dtí 6	7 go dtí 10	20, 30 srl
Ceann amháin	Dhá cheann	Trí cinn	Seacht gcinn	Fiche ceann

4. Bí cinnte go bhfuil na huimhreacha pearsanta ar eolas acu.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1
San Íoslainn cuireadh tús le triail iar-Phríomh-Aire na tíre atá cúisithe i bhfaillí a dhéanamh ina chuid dualgas le linn na géarchéime eacnamaíochta ansin in 2008. Is é Geir Haarde an chéad cheannaire domhanda atá cúisithe i gcoireanna den chineál seo. Tá sé curtha ina leith gur theip air dóthain beartas cosanta airgeadais a chur i bhfeidhm agus dá bharr gur theip ar thrí cinn de phríomhbhainc[1] na tíre. Tá na cúiseanna ar fad séanta ag an iar-Phríomh-Aire, a deir nach bhfuil sna cúiseanna ach géarleanúint pholaitiúil[2]. D'fhéadfadh dhá bhliain príosúnachta a ghabháil air.

Scéal 2
Vótáil fostaithe i mBord na Móna tráthnóna tabhairt faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch[3] faoi ardú pá. Tá beagnach dhá mhíle fostaí de chuid Bhord na Móna i gceist. Deir na fostaithe go bhfuil ardú pá trí go leith faoin gcéad ag dul dóibh agus go bhfuil siad ag iarraidh ar an gcomhlacht aird a thabhairt ar chomhaontú náisiúnta a deineadh[4] in 2008.

Scéal 3
Tá ócáid mhór na féile Pádraig ar leac an dorais againn agus i mbliana tá cuireadh tugtha do cheathrar as Muine Gall i gContae Uíbh Fhailí freastal ar chóisir mhór sa Teach Bán i Washington. Is as baile beag Mhuine Gall de shinsir Uachtarán Mheiriceá, Barack Obama.

[1] *príomhbhancanna* a deirtear
[2] *géarleanúint polaitiúil* a deirtear
[3] *tionsclaíoch* a deirtear
[4] *rinneadh* an leagan caighdeánach. Is leagan canúnach é *deineadh*